Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2026
(OR. en)

5600/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0013 (COD)

TELECOM 28
CYBER 28
COMPET 76
MI 57
FIN 101
CODEC 89
IA 14

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Eanáir 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 16 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le líonraí digiteacha, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120, Treoir 2002/58/CE agus Cinneadh Uimh. 676/2002/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1971, Treoir (AE) 2018/1972 agus Cinneadh Uimh. 243/2012/AE (an Gníomh um Líonraí Digiteacha)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 16 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 16 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.1.2026
COM(2026) 16 final

ANNEXES 1 to 6

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le líonraí digiteacha, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120, Treoir 2002/58/CE agus Cinneadh Uimh. 676/2002/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1971, Treoir (AE) 2018/1972 agus Cinneadh Uimh. 243/2012/AE (an Gníomh um Líonraí Digiteacha)

{SEC(2026) 14 final} - {SWD(2026) 13 final} - {SWD(2026) 14 final}

IARSCRÍBHINN I

Coinníollacha maidir le rochtain ar sheirbhísí digiteacha teilifíse agus raidió a chraoltar chuig lucht féachana agus lucht éisteachta san Aontas

Cuid I Coinníollacha do chórais rochtana coinníollaí a bheidh le cur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 67(1)

(a) Gach gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí rochtana coinníollaí, beag beann ar na meáin tarchuir, a sholáthraíonn seirbhísí rochtana ar sheirbhísí digiteacha teilifíse agus raidió, agus a bhfuil craoltóirí ag brath ar a seirbhísí rochtana chun teacht ar aon ghrúpa féideartha lucht féachana agus lucht éisteachta, ní mór dóibh:

- seirbhísí teicniúla a thairiscint do gach craoltóir, ar bhonn cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le dlí iomaíochta an Aontais, lena gcuirtear ar chumas lucht féachana nó lucht éisteachta atá údaruithe trí dhíchódóirí, arna riar ag na hoibreoirí seirbhíse, seirbhísí na gcraoltóirí a tharchuirtear go digiteach a fháil, agus dlí iomaíochta an Aontais a chomhlíonadh,
- cuntais airgeadais ar leithligh a choinneáil maidir lena ngníomhaíocht mar sholáthraithe rochtana coinníollaí;

(b) Agus ceadúnais á ndeonú acu do mhonaróirí trealaimh tomhaltóirí, ní mór do shealbhóirí ceart maoine tionsclaíochta i leith táirgí nó córais rochtana coinníollaí, a áirithiú go ndéanfar sin ar bhealach atá bunaithe ar théarmaí atá cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. Agus fachtóirí teicniúla agus tráchtála á gcur san áireamh, ní chuirfidh sealbhóirí ceart deonú na gceadúnas faoi réir coinníollacha a dhéanfaidh cuimsiú na rudaí seo a leanas sa táirge céanna a thoirmeasc, a chosc nó a dhíspreagadh:

- comhéadan coiteann trínar féidir ceangal a dhéanamh le roinnt córas rochtana eile, nó
- modhanna a bhaineann go sonrach le córas rochtana eile, ar choinníoll go gcomhlíonann an ceadúnaí na coinníollacha ábhartha agus réasúnacha, ag áirithiú, a mhéid is a bhaineann leis féin, slándáil idirbheart oibreoirí córais rochtana coinníollaí.

Cuid II Saoráidí eile a bhféadfar coinníollacha a chur i bhfeidhm orthu faoi Airteagal 67(1) agus Airteagal 68(2), pointí (d):

(a) rochtain ar chomhéadain feidhmchláir (APInna);

(b) rochtain ar eolairí leictreonacha clár (EPGanna)

IARSCRÍBHINN II

Critéir maidir le cinneadh na rátaí mórdhíola foirceanta do ghuthghlaonna

Prionsabail, critéir agus paraiméadair maidir le cinneadh na rátaí mórdhíola foirceanta do ghuthghlaonna ar mhargaí fosaithe agus móibíleacha, dá dtagraítear in Airteagal 75(1):

(a) beidh na rátaí bunaithe ar aisghabháil na gcostas arna dtabhú ag oibreoir éifeachtúil; bunófar an mheastóireacht ar chostais éifeachtúla ar luachanna costais reatha; an mhodheolaíocht chostais chun costais éifeachtúla a ríomh, bunófar í ar chur chuige samhaltaithe ón mbun aníos trí úsáid a bhaint as costais fhadtréimhseacha incriminteacha tráchta a bhaineann le seirbhís foirceanta glao gutha mórdhíola a sholáthar do thríú páirtithe;

(b) déanfar na costais incriminteacha ábhartha a bhaineann le seirbhís foirceanta glao gutha mórdhíola a chinneadh tríd an difríocht idir na costais fhadtréimhseacha iomlána ar oibreoir atá ag soláthar a raon iomlán seirbhísí agus na costais fhadtréimhseacha iomlána a bheadh i gceist mura soláthródh an t-oibreoir sin seirbhís foirceanta glao gutha mórdhíola do thríú páirtithe;

(c) is iad na costais sin a bhaineann le trácht, a ndéanfaí iad a sheachaint in éagmais seirbhís foirceanta glao gutha mórdhíola a bheith á soláthar, a leithdháilfear chuig an incrimint foirceanta ábhartha, agus iad sin amháin;

(d) ní áireofar costais a bhaineann le hacmhainneacht bhreise líonra ach amháin a mhéid atá siad bunaithe ar an riachtanas méadú a dhéanamh ar acmhainneacht chun trácht foirceanta glao gutha mórdhíola breise a iompar;

(e) eisiafar táillí speictrim raidió ón incrimint foirceanta guthghlaonna mhóibíleach;

(f) áireofar na costais tráchtála mhórdhíola a bhfuil baint dhíreach acu le soláthar na seirbhíse foirceanta glao gutha mórdhíola do thríú páirtithe, agus iad sin amháin;

(g) measfar go soláthróidh gach oibreoir líonra fosaithe seirbhísí foirceanta glao gutha de réir na gcostas aonaid céanna leis an oibreoir éifeachtúil, beag beann ar cé chomh mór is atá an t-oibreoir sin;

(h) i gcás oibreoirí líonraí móibíleacha, socrófar an t-íos-scála éifeachtúil ag sciar den mhargadh nach lú ná 20 %;

(i) is é an cur chuige ábhartha a bheidh ann do dhímheas sócmhainní ná an dímheas eacnamaíoch;

(j) beidh rogha teicneolaíochta na líonraí atá á samhlú réamhbhreathnaitheach, bunaithe ar chroí-líonra IP, ag cur san áireamh na teicneolaíochtaí éagsúla ar dócha go mbainfear úsáid astu ar feadh thréimhse bhailíochta an uasráta; i gcás líonraí fosaithe, measfar glaonna a bheith paicéadlasctha go heisiach.

IARSCRÍBHINN III

Faisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 95 (ceanglais faisnéise maidir le conarthaí)

1. FAISNÉIS FAOI NA PRÍOMHGHNÉITHE DE GACH SEIRBHÍS A SHOLÁTHRAÍTEAR:

Mar chuid de na príomhghnéithe de gach seirbhís a sholáthraítear, aon íosleibhéal cáilíochta seirbhíse a mhéid a thairgtear iad sin, agus i gcás seirbhísí seachas seirbhísí rochtana idirlín, na paraiméadair cháilíochta shonracha a áiritheofar.

I gcás nach dtairgtear aon íosleibhéal cáilíochta seirbhíse, déanfar ráiteas gurb amhlaidh atá.

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín go sonrófar i gconradh lena n-áirítear seirbhísí rochtana idirlín, ar a laghad, an fhaisnéis atá i roinn 5 den Iarscríbhinn seo agus aga folaigh, giodam agus caillteanas paicéad. Treoirlínte BEREC arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 94(5) maidir le paraiméadair i leith cáilíocht seirbhíse, tabharfar lánaird orthu gan dochar don cheart atá ag úsáideoirí deiridh trealamh teirminéil is rogha leo féin a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 93(1) den Rialachán seo, agus aon choinníoll, lena n-áirítear táillí, a fhorchuireann an soláthraí ar úsáid an trealaimh teirminéil a sholáthraítear.

Mionsonraí maidir le táirgí agus seirbhísí atá ceaptha d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas agus conas is féidir nuashonruithe ar an bhfaisnéis sin a fháil.

Aon srian ar rochtain ar sheirbhísí éigeandála nó infhaighteacht faisnéise faoi shuíomh an ghlaoiteora mar thoradh ar easpa indéantacht theicniúil a mhéid a ligeann an tseirbhís d'úsáideoirí deiridh cumarsáid éigeandála a thionscnamh.

2. FAISNÉIS FAOIN bPRAGHAS

Mar chuid den fhaisnéis faoin bpraghas, i gcás inarb infheidhme agus a mhéid is infheidhme, na praghsanna faoi seach chun an tseirbhís cumarsáide leictreonaí a ghníomhachtú agus maidir le haon mhuirear athfhillteach nó aon mhuirear a bhaineann le tomhaltas; ina theannta sin, i gcás inarb infheidhme:

(a) sonraí de phlean sonrach nó de phleananna sonracha taraife faoin gconradh agus, i gcás gach plean taraife na cineálacha seirbhísí a thairgtear, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme, na méideanna cumarsáide (amhail MB, nóiméid, teachtaireachtaí) a chuirtear san áireamh in aghaidh na tréimhse billeála, agus an praghas ar aonaid chumarsáide bhreise;

(b) i gcás plean nó pleananna taraife a ngabhann méid réamhshocraithe cumarsáide leis nó leo, an deis do thomhaltóirí aon mhéid nár úsáideadh ón tréimhse bhilleála roimhe sin a chur ar aghaidh go dtí an tréimhse bhilleála ina dhiaidh sin, i gcás ina n-áirítear an rogha sin sa chonradh;

(c) saoráidí chun trédhearcacht billí a chosaint agus faireachán a dhéanamh ar an leibhéal tomhaltais;

(d) Faisnéis taraife maidir le haon uimhir nó seirbhís atá faoi réir coinníollacha praghsála ar leith; maidir le catagóirí seirbhísí aonair, féadfaidh na húdaráis inniúla, nuair is ábhartha, i gcomhar leis na húdaráis rialála náisiúnta a cheangal freisin go soláthrófaí an fhaisnéis sin díreach sula nasctar an glao nó sula nasctar le soláthraí na seirbhíse;

(e) maidir le seirbhísí cuachta agus cuacha, lena n-áirítear seirbhísí agus trealamh teirminéil, praghas eilimintí aonair na cuaiche a mhéid a dhéantar iad a mhargú ar leithligh ó chéile freisin;

(f) an bealach inar féidir faisnéis atá cothrom le dáta faoi gach taraif agus táille chothabhála is infheidhme a fháil;

(g) tuairisc ar an modh trína bhféadfaidh praghsanna athrú go dleathach.

3. FAISNÉIS FAOI RÉ AN CHONARTHA AGUS NA COINNÍOLLACHA MAIDIR LEIS AN gCONRADH A ATHNUACHAN AGUS A FHOIRCEANNADH

Mar chuid den fhaisnéis faoi ré an chonartha agus na coinníollacha maidir leis an gconradh a athnuachan agus a fhoirceannadh, lena n-áirítear táillí ionchasacha scortha, a mhéid a bheidh na coinníollacha sin infheidhme:

(a) aon íosúsáid nó íosré is gá chun tairbhe a bhaint as na téarmaí réamhfhógrán;

(b) aon mhuirear a bhaineann le malartú, le cúiteamh, agus na socruithe aisíocaíochta i gcás mhoill nó mhí-úsáid an mhalartaithe, chomh maith le faisnéis faoi na nósanna imeachta faoi seach;

(c) faisnéis maidir le ceart na dtomhaltóirí a úsáideann seirbhísí réamhíoctha chun aisíocaíochta, arna iarraidh sin, ar aon chreidmheas atá fágtha i gcás malartaithe, mar a leagtar amach in Airteagal 100(6);

(d) aon táille is dlite ar luathfhoirceannadh an chonartha, lena n-áirítear faisnéis faoi dhíghlasáil an trealaimh teirminéil agus aon aisghabháil costas maidir le trealamh teirminéil;

(e) maidir le seirbhísí cuachta agus na coinníollacha maidir leis an gconradh a athnuachan agus a fhoirceannadh, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha chun an chuach nó eilimintí di a athnuachan agus a fhoirceannadh.

4. FAISNÉIS FAOI RÉITIGH

Aon chúiteamh agus aon socrú aisíocaíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, tagairt shainráite do chearta tomhaltóirí, a bheidh infheidhme i gcás nach gcomhlíontar na leibhéil cáilíochta seirbhíse atá sa chonradh nó i gcás nach bhfreagraíonn an soláthraí go leormhaith do theagmhas slándála, do bhagairt slándála nó do leochaileacht slándála.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na cearta chun cúitimh a bhaineann le malartú soláthraithe agus inaistritheacht uimhreach.

An cineál gníomhaíochta a d'fhéadfadh an soláthraí a dhéanamh agus é ag freagairt do theagmhais slándála, do bhagairtí slándála nó do leochaileachtaí slándála.

5. FAISNÉIS MAIDIR LE CONARTHAÍ LE SEIRBHÍSÍ ROCHTANA IDIRLÍN

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín go sonrófar i gconradh ina n-áirítear seirbhís rochtana idirlín an méid seo a leanas, ar a laghad:

(a) faisnéis maidir leis an gcaoi a bhféadfadh bearta bainistithe tráchta arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí sin tionchar a bheith acu ar cháilíocht na seirbhísí rochtana idirlín, ar phríobháideachas tomhaltóirí agus ar chosaint a sonraí pearsanta;

(b) míniú soiléir sothuigthe ar an gcaoi a bhféadfadh aon teorainn le méid, luas agus paraiméadair eile i leith cáilíocht seirbhíse, tionchar a bheith acu sa chleachtas ar na seirbhísí rochtana idirlín, go háirithe ar úsáid an ábhair, na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí;

(c) míniú soiléir sothuigthe ar an gcaoi a bhféadfadh aon cheann de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 93(5), lena bhfuil síntiús glactha ag an tomhaltóir, tionchar a bheith acu sa chleachtas ar na seirbhísí rochtana idirlín a sholáthraítear don tomhaltóir sin;

(d) míniú soiléir sothuigthe ar an íosluas agus uasluas íoslódála agus uaslódála fógartha a bhíonn ar fáil de ghnáth le haghaidh na seirbhísí rochtana idirlín i gcás líonraí fosaithe, nó uasluas measta íoslódála agus uaslódála fógartha na seirbhísí rochtana idirlín i gcás líonraí móibíleacha, agus ar an gcaoi a bhféadfadh imeachtaí móra ó na luasanna uaslódála agus íoslódála fógartha faoi seach tionchar a imirt ar fheidhmiú chearta na dtomhaltóirí a leagtar síos in Airteagal 93(1);

(e) míniú soiléir sothuigthe ar na réitigh atá ar fáil don tomhaltóir i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i gcás aon neamhréireacht atá leanúnach nó a athfhilleann go rialta, idir feidhmíocht iarbhír na seirbhíse rochtana idirlín maidir le luas nó paraiméadair eile i leith cáilíocht seirbhíse agus an fheidhmíocht arna cur in iúl i gcomhréir le pointí (a) go (d).

IARSCRÍBHINN IV

Faisnéis atá le foilsiú i gcomhréir le hAirteagal 96 (trédhearcacht)

1. Sonraí teagmhála an ghnóthais

2. Tuairisc ar na seirbhísí atá á dtairiscint

2.1. Raon feidhme na seirbhísí atá á dtairiscint agus na príomhghnéithe de gach seirbhís a sholáthraítear, lena n-áirítear aon íosleibhéal cáilíochta seirbhíse i gcás ina dtairgtear iad agus aon srian a fhorchuireann an soláthraí ar úsáid trealaimh teirminéil a sholáthraítear. I gcás inar soláthraí seirbhíse rochtana idirlín é an gnóthas, faisnéis chuimsitheach, inchomparáide, iontaofa, sho-úsáidte agus cothrom le dáta le haghaidh tomhaltóirí maidir le cáilíocht a seirbhísí agus lánaird á tabhairt ar threoirlínte BEREC dá dtagraítear in Airteagal 94(5).

2.2. Taraifí na seirbhísí atá á dtairiscint, lena n-áirítear faisnéis maidir le méideanna cumarsáide (amhail srianta ar úsáid sonraí, an líon nóiméad gutha, an líon teachtaireachtaí) de phleananna taraife sonracha agus na taraifí is infheidhme maidir le haonaid chumarsáide bhreise, le huimhreacha breise nó le seirbhísí breise faoi réir coinníollacha praghsála ar leith, muirir rochtana agus chothabhála, gach cineál muirir úsáide, scéimeanna taraife speisialta agus spriocdhírithe agus aon mhuirear breise, chomh maith le costais i leith trealamh teirminéil.

2.3. Seirbhísí iardhíola, cothabhála agus cúnaimh custaiméara a thairgtear agus a sonraí teagmhála.

2.4. Coinníollacha caighdeánacha conartha, lena n-áirítear ré an chonartha, muirir is dlite i gcás conradh a fhoirceannadh go luath, cearta a bhaineann le tairiscintí cuachta nó eilimintí díobh a fhoirceannadh, agus nósanna imeachta agus muirir dhíreacha maidir le hinaistritheacht uimhreacha agus aitheantóirí eile, i gcás inarb ábhartha.

2.5. Faisnéis maidir lena mhéid a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta tacú le rochtain ar sheirbhísí éigeandála agus ar shuíomh an ghlaoiteora.

2.6. Mionsonraí táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear aon fheidhm, cleachtas, beartas agus nós imeachta agus athrú ar oibriú na seirbhíse, atá ceaptha go sonrach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 agus bearta a dhéantar chun coibhéis rochtana a áirithiú.

3. Sásraí um réiteach díospóidí, agus na sásraí sin arna bhforbairt ag an ngnóthas san áireamh, lena n-áirítear na modhanna maidir le tús a chur le nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach, lena n-áirítear díospóidí náisiúnta agus trasteorann, i gcomhréir le hAirteagal 188.

4. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín an fhaisnéis a shonraítear i Roinn 5 d'Iarscríbhinn III.

IARSCRÍBHINN V

Idir-inoibritheacht glacadóirí raidió cairr agus trealamh teilifíse digití do thomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 112

1. Algartam coiteann um scrobhadh agus glacadh saorchraolta

Gach trealamh do thomhaltóirí atá ceaptha do ghlacadh comharthaí teilifíse digiteacha (is é sin, craoladh trí tharchur trastíre, cábla nó satailíte), lena dhíol, lena chur ar cíos, nó a bheidh ar fáil ar bhealach eile san Aontas, agus atá in ann comharthaí teilifíse digiteacha a dhíscrobhadh, ní mór go mbeidh ar a chumas:

(a) díscrobhadh comharthaí den sórt sin a cheadú i gcomhréir le halgartam coiteann Eorpach um scrobhadh mar atá á riaradh ag eagraíocht Eorpach aitheanta um chaighdeánú (Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide faoi láthair);

(b) comharthaí a tarchuireadh gan locht a thaispeáint ar choinníoll, sa chás go bhfuil an trealamh ar cíos, go bhfuil an comhaontú cíosa ábhartha á chomhlíonadh ag an gcíosaí.

2. Idir-inoibritheacht le haghaidh teilifíseáin dhigiteacha

Aon teilifíseán digiteach ag a bhfuil scáileán iomlán de thrasnán feiceálach níos mó ná 30 cm a chuirtear ar an margadh lena dhíol nó lena chur ar cíos san Aontas, déanfar é a fheistiú le soicéad comhéadain oscailte amháin ar a laghad (arna chaighdeánú ag caighdeán arna ghlacadh ag eagraíocht Eorpach aitheanta um chaighdeánú, nó a chomhlíonann an caighdeán sin, nó atá i gcomhréir le sonraíocht atá sa tionscal ar fad) a cheadaíonn ceangal simplí ar fhorimeallaithe, agus a bhfuil na heilimintí ábhartha uile de chomhartha teilifíse digití in ann dul tríd, lena n-áirítear faisnéis maidir le seirbhísí idirghníomhacha agus seirbhísí ar a bhfuil rochtain choinníollach.

3. Idir-inoibritheacht le haghaidh glacadóirí raidió cairr

Aon ghlacadóir raidió cairr arna chomhtháthú i bhfeithicil nua de chatagóir M a chuirtear ar fáil ar an margadh lena dhíol nó lena chur ar cíos san Aontas, beidh ann glacadóir a bheidh in ann seirbhísí raidió arna soláthar trí bhíthin craoltóireacht raidió dhigiteach trastíre, ar a laghad, a ghlacadh agus a atáirgeadh. Na glacadóirí sin, atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe agus ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó le codanna de na caighdeáin sin, measfar go bhfuil siad i gcomhréir leis an gceanglas sin atá faoi chumhdach na gcaighdeán sin nó codanna díobh.

IARSCRÍBHINN VI

Údarú an Aontais a dheonú bunaithe ar nós imeachta roghnúcháin

CUID A: FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. I gcás inar gá agus i gcomhréir le hAirteagal 40(5), féadfaidh an Coimisiún a chinneadh nós imeachta roghnúcháin a eagrú atá trédhearcach, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach, le cúnamh ón gCoiste Cumarsáide. Cuirfear an nós imeachta sin in ionad an nós imeachta faoi Airteagal 30.

2. Sainaithneoidh an Coimisiún an méid speictrim a dheonófar tríd an nós imeachta roghnúcháin. Agus an speictream raidió a chumhdaítear á chinneadh, féadfar foráil a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, maidir le socruithe sonracha nó bearta cosanta sonracha mar a d'iarr Ballstát chun déileáil le riachtanais shonracha áitiúla náisiúnta a cheadaítear faoin dlí idirnáisiúnta nó faoi dhlí an Aontais. Sonrófar na socruithe nó na bearta sin in aon údarú a dheonóidh an Coimisiún.

3. Agus lánaird á tabhairt ag an gCoimisiún ar thuairim CBSR, déanfaidh sé cinneadh nós imeachta comparáideach nó iomaíoch a dhéanamh sa dara céim roghnúcháin, ag brath ar chineál na seirbhísí a mheastar a sholáthrófar sna bandaí speictrim, go háirithe i gcás inar gá ceannasacht agus slándáil an Aontais agus na mBallstát a chaomhnú. Ag brath ar an gcineál nós imeachta roghnúcháin a roghnófar, socróidh an Coimisiún táille aonuaire nó praghas forchoimeádta agus Airteagal 29 á chur san áireamh.

4. Sonróidh an Coimisiún a thuilleadh na critéir inghlacthachta i gCuid B agus na critéir roghnúcháin i gCuid D agus tuairim CBSR á cur san áireamh aige agus le cúnamh ón gCoiste Cumarsáide.

5. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an glao ar iarratais, na ceanglais inghlacthachta, na sonraí agus na doiciméid atá le cur san áireamh sna hiarratais, na coinníollacha roghnúcháin agus na coinníollacha faoinar féidir faisnéis faoi iarratais a nochtadh.

6. Féadfaidh an Coimisiún comhairle agus cúnamh a lorg ó shaineolaithe seachtracha chun an nós imeachta roghnúcháin a chur chun feidhme. Roghnófar saineolaithe seachtracha den sórt sin ar bhonn a gcuid saineolais agus ardleibhéal neamhspleáchais agus neamhchlaontachta.

7. Féadfaidh an Coimisiún cúnamh a lorg ó OLD agus an nós imeachta roghnúcháin á dhéanamh aige.

CUID B: INGHLACTHACHT IARRATAS

1. Áireofar na nithe seo a leanas sna ceanglais maidir le hinghlacthacht aon iarratais, de réir mar is iomchuí, ach ní bheidh siad teoranta dóibh:

– an gá atá ann go mbeadh an t-iarratasóir bunaithe nó go measfaí é a bheith bunaithe san Aontas agus, a mhéid a shainaithnítear riachtanais slándála, srianta úinéireachta;

– acmhainn theicniúil agus ullmhacht an iarratasóra agus aird ar leith á tabhairt ar fhorbairt, lainseáil agus oibriú an chórais satailíte;

– an fhianaise maidir le comhduithe gaolmhara an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide agus bearta lena n-áirithítear comhlíonadh rialacháin an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide;

– acmhainneacht airgeadais an iarratasóra. Féadfar a áireamh sna ceanglais inghlacthachta fianaise ar chomhlíonadh na ngarspriocanna a shainítear de bhun Chuid C.2.

2. Cuirfear na hiarratais faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar iarratasóirí faisnéis bhreise a sholáthar maidir le comhlíonadh na gceanglas inghlacthachta laistigh de sprioc-am atá le sonrú. Measfar an t-iarratas a bheith neamh-inghlactha mura soláthraítear an fhaisnéis sin laistigh den tréimhse ama shonraithe.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le hinghlacthacht iarratas le cúnamh ón gCoiste Cumarsáide.

4. Cuirfidh an Coimisiún na hiarratasóirí ar an eolas láithreach má mheastar a n-iarratais a bheith inghlactha agus foilseoidh sé liosta na n-iarratasóirí inghlactha.

CUID C: AN CHÉAD CHÉIM ROGHNÚCHÁIN LE hAGHAIDH CUMARSÁID SATAILÍTE

1. Laistigh de 40 lá oibre tar éis fhoilsiú liosta na n-iarratasóirí inghlactha, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an leibhéal riachtanach forbartha teicniúla agus tráchtála léirithe ag na hiarratasóirí, i dtaca lena gcórais satailíte faoi seach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar chumas na n-iarratasóirí coinníollacha Airteagail 38 agus 39 a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh an measúnú sin a bheith ag brath ar roinnt garspriocanna a chur i gcrích go sásúil, ar garspriocanna iad a bheidh le cinneadh ag an gCoimisiún. Áireofar ar na garspriocanna sin, de réir mar is infheidhme:

   – iarraidh a chur faoi bhráid an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide ar chomhordú an chórais satailíte,

   – comhaontú a shíniú chun an córas satailíte a mhonarú,

   – comhaontú a shíniú chun an córas satailíte a lainseáil,

   – comhaontú a shíniú chun stáisiúin talún tairsí a thógáil agus a shuiteáil,

   – athbhreithniú criticiúil ar dhearadh a chur i gcrích,

   – cúpláil satailíte,

   – an córas satailíte a lainseáil,

   – an comhordú minicíochta i gcomhréir le rialacháin raidió an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide, agus

   – soláthar éifeachtach seirbhísí satailíte san Aontas.

3. An t-éileamh comhcheangailte ar speictream raidió arna iarraidh ag iarratasóirí incháilithe arna gcoinneáil de réir phointe 1 den Chuid seo, i gcás nach sáróidh sé an méid speictrim raidió atá ar fáil arna shainaithint ag an gCoimisiún de bhun Chuid A, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin cinneadh réasúnaithe, go roghnófar na hiarratasóirí incháilithe uile agus sainaithneoidh sé na minicíochtaí faoi seach a bhfuil sé de cheart ag gach iarratasóir roghnaithe iad a úsáid faoi údarú an Aontais.

4. Cuirfidh an Coimisiún na hiarratasóirí ar an eolas láithreach má mheastar a n-iarratais a bheith incháilithe don dara céim roghnúcháin nó má roghnaítear iad de réir phointe 3. Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-iarratasóirí incháilithe nó roghnaithe. Na hiarratasóirí incháilithe, a bhfuil sé beartaithe acu gan dul ar aghaidh a thuilleadh sa nós imeachta roghnúcháin, agus na hiarratasóirí roghnaithe a bhfuil sé

beartaithe acu gan na minicíochtaí raidió a úsáid, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre ón bhfoilseachán sin.

CUID D: AN DARA CÉIM ROGHNÚCHÁIN

1. An t-éileamh comhcheangailte ar speictream raidió arna iarraidh ag iarratasóirí incháilithe a sainaithníodh sa chéad chéim roghnúcháin, i gcás ina sáróidh sé an méid speictrim raidió atá ar fáil arna shainaithint ag an gCoimisiún de bhun Chuid A, cuirfidh an Coimisiún an dara céim roghnúcháin i bhfeidhm.

2. I gcás ina gcuirfear nós imeachta comparáideach i bhfeidhm, cinnfidh an Coimisiún critéir roghnúcháin ualaithe a bhféadfaidh na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheith san áireamh iontu:

(a) Cumhdach geografach agus daonra an Aontais agus uainiú an chumhdaigh sin;

(b) tairbhí do thomhaltóirí agus tairbhí iomaíocha a sholáthraítear, lena n-áirítear an líon úsáideoirí deiridh agus raon na seirbhísí satailíte atá le soláthar faoi dháta tosaithe sholáthar leanúnach na seirbhísí satailíte, agus dáta tosaithe sholáthar leanúnach na seirbhísí satailíte;

(c) éifeachtúlacht speictrim lena gcuimsítear an méid iomlán speictrim is gá agus an acmhainneacht tarchurtha chomhiomlánaithe;

(d) a mhéid is féidir cuspóirí beartais phoiblí a chomhlíonadh, agus go háirithe:

– iomaíochas domhanda an Aontais agus a Bhallstát i slabhra luacha na hearnála spáis;

– an tionchar foriomlán comhshaoil ar inbhuanaitheacht spáis na gcóras satailíte;

– úsáid na gcaighdeán oscailte, na dteicneolaíochtaí foinse oscailte agus na hidir-inoibritheachta in ollstruchtúr na gcóras satailíte;

– acmhainneacht na gcóras satailíte soghluaiste atá beartaithe acmhainneachtaí an Aontais sa slabhra luacha satailíte a mhéadú.

(e) sláine, slándáil agus athléimneacht na seirbhísí.

(f) aon íocaíocht as úsáid an speictrim, i bhfoirm táille aonuaire nó táille bhliantúil.

3. Laistigh de 80 lá oibre tar éis fhoilsiú liosta na n-iarratasóirí incháilithe a sainaithníodh sa chéad chéim roghnúcháin, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le roghnú na n-iarratasóirí, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 202. Leis an gcinneadh, sainaithneofar na hiarratasóirí roghnaithe agus déanfar iad a rangú ar bhonn a mhéid a chomhlíonann siad na critéir roghnúcháin, na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, chomh maith leis na minicíochtaí a bhfuil sé de cheart ag gach iarratasóir roghnaithe iad a úsáid faoi údarú an Aontais.

4. I gcás ina gcuirfear nós imeachta iomaíoch i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, sula rachaidh sé i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile, na critéir iomaíocha a bhféadfadh praghsanna forchoimeádta a bheith san áireamh iontu chomh maith le haon bheart lena múnlaítear an margadh, amhail bearta Airteagal 32. Leagfaidh an Coimisiún síos i gcinneadh, le cúnamh ón gCoiste Cumarsáide, na coinníollacha is infheidhme maidir leis an roghnú mar aon leis na mionsonraí nós imeachta.